# Ráitis Airgeadais

# An Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine

# Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

# AN CISTE CÚITIMH UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE

## CLÁR ÁBHAR


| | LEATHANACH |
|---|---|
| Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis | 3 |
| Ráiteas faoi Rialú Inmheánach | 4 - 7 |
| Tuarascáil an Iniúchóra | 8 - 9 |
| Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim | 10 |
| Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2017 | 11 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 | 12 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 13 - 15 |

## AN CISTE CÚITIMH UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE

## RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

Ceanglaítear le halt 22.2 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, ar an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead ar fad a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú aige, ní mór don Údarás Rialála Seirbhísí Maoine:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus
- a lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as cuntais chuí ghnácha a choinneáil maidir leis an airgead ar fad a íoctar isteach sa Chiste Cúitimh agus maidir le gach eisíocaíocht as an gCiste Cúitimh, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais, ráiteas faoi shreabhadh airgid agus clár comhardaithe, de réir Sceideal 6(7) leis an Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011. Tá an tÚdarás freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

_______________________________
Maeve Hogan Uasal, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Dáta: 20/12/18

_______________________________
Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach: Dáta: 20/12/2018

## AN CISTE CÚITIMH UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE

## RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH

**Raon Freagrachta**

Thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine, aithním an fhreagracht atá ar an Údarás as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú san Údarás. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh againn, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

**Cuspóir an Ráitis faoi Rialú Inmheánach**

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil.

Bhí córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais.

**Na Rialuithe Inmheánacha atá i bhFeidhm**

Is deimhin leis an Údarás go bhfuil na córais atá i bhfeidhm ag an Údarás réasúnta agus oiriúnach do chúinsí an Údaráis, agus aird á tabhairt ar a mhéid, ar a leibhéal caiteachais, ar a acmhainní foirne agus ar chineál a oibríochtaí. Ní thugann na córais dearbhú iomlán, agus ní féidir leis na córais dearbhú iomlán a thabhairt, nach ndéanfar earráidí ábhartha, áfach.

Ghlac an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa bhliain 2016.

**Cumas le Riosca a Láimhseáil**

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine, rud a chuimsíonn beirt chomhaltaí den Údarás agus beirt chomhaltaí seachtracha. Tháinig an Coiste le chéile den chéad uair an 19 Aibreán 2017. Is deimhin liom, mar Chathaoirleach ar an Údarás, gur chuir an Coiste a ról i gcrích go héifeachtach sa bhliain 2017, agus trí chruinniú á dtionól aige lena linn.

Rinne an Bord an beartas bainistíochta riosca a athbhreithniú agus a chomhaontú, rud ina leagtar amach an fonn riosca atá air agus na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm aige.

Is é an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a chomhlíonann feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine faoi mhaoirseacht Choiste Iniúchóireachta Vóta 24 (Dlí agus Ceart agus Comhionannas). Is é ról Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne dearbhú neamhspleách a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm ar fud an Vóta.

Déanann Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne iniúchtaí ar rialuithe airgeadais agus ar rialuithe eile san Údarás agus cuireann sé clár iniúchtaí i gcrích gach bliain.

# AN CISTE CÚITIMH UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE

## RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH

### An Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an Údarás. Rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Bíonn an clár á athbhreithniú agus á athrú chun dáta ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, i gcomhairle leis an Lucht Ardbhainistíochta. Úsáidtear an toradh ar an obair sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú. Deimhníonn an tÚdarás go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo,
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta,
- tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú. Is í an Rannóg TFC sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a sholáthraíonn seirbhísí TFC don Údarás Rialála Seirbhísí Maoine. Chuir sé ráiteas dearbhaithe ar fáil ina leagtar amach na próisis rialaithe a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2017. Cuireann An Post córas iarratais cheadúnais ar líne ar fáil trí Licences.ie thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine. Sa bhliain 2017, fuarthas doiciméad dearbhaithe ó An Post maidir le slándáil agus rialuithe an chórais atá i bhfeidhm.
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine a chosaint, agus
- tá nósanna imeachta rialaithe i bhfeidhm le haghaidh measúnú agus le haghaidh íocaíochtaí a dhéanamh ón gciste cúitimh.

### An Ciste Cúitimh

Chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol go bhféadfaí luach an chiste cúitimh a laghdú go suntasach de bharr éileamh suntasach aonair, chuaigh an tÚdarás faoi phróiseas tairisceana chun árachas in aghaidh eachtra den sórt sin a fháil. Níor éirigh leis an bpróiseas tairisceana sin sa mhéid nach bhfuarthas aon tairiscintí oiriúnacha ina leith. Mar sin, fostaíodh bróicéir chun déileáil go díreach le frithgheallaithe ar mhaithe leis an árachas a bhí ag teastáil a fháil. Tháinig an próiseas sin chun deiridh i mí Deireadh Fómhair 2017 agus tá an ciste árachaithe ó shin i leith.

## AN CISTE CÚITIMH UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE

## RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH

**Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach**
Tá Doiciméad Rialaithe Inmheánaigh i bhfeidhm ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine, rud ina sainaithnítear na rioscaí atá os comhair an Údaráis, na rialuithe atá i bhfeidhm agus na nósanna imeachta tuairiscithe agus faireacháin a leantar.

Déanann an tÚdarás na mórchinntí straitéiseacha agus tagann sé le chéile ag eatraimh rialta chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar phleananna. Ní ghníomhaíonn an lucht bainistíochta feidhmiúcháin ach laistigh den údarás a tharmligeann an tÚdarás chuige le haghaidh éifeacht a thabhairt do bheartais agus do chinntí an Údaráis.

Rinneadh lámhleabhar mionsonraithe nós imeachta a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm. Nuair is féidir, déantar dualgais foirne a dheighilt go cuí agus cur san áireamh á dhéanamh ar na rioscaí lena mbaineann agus ar an líon teoranta foirne.

Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus príomhrialuithe agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a thuairisciú,
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm maidir le gach cineál earra agus seirbhíse a cheannach, maidir le sonraisc a cheadú i ndáil le hearraí agus le seirbhísí agus maidir le híocaíocht a údarú i ndáil le hearraí agus le seirbhísí. Neartaíodh nósanna imeachta ina leith sin le linn na bliana trí mholtaí a tháinig as an tuarascáil iniúchóireachta inmheánaí a chur chun feidhme.
- Déanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha.
- Tá nósanna imeachta an Údaráis maidir le rialú airgeadais agus rialuithe eile faoi réir athbhreithniú bliantúil ag an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Déanann Coiste Iniúchóireachta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais athbhreithniú ar obair an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.

**Dearbhuithe**
***TFC***
Baineann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine leas as an tseirbhís chomhroinnte tacaíochta TFC ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá Comhaontú Seirbhíse ar bun idir an tÚdarás agus an Roinn i dtaca leis an tseirbhís TFC agus tá socruithe i bhfeidhm chun córais an Údaráis a chúltacú. Choimisiúnaigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais athbhreithniú neamhspleách ar an tseirbhís agus táthar ag feitheamh le tuarascáil agus fionnachtana an athbhreithnithe. Chuir an tAonad TF sa Roinn doiciméad dearbhaithe ar fáil maidir leis na rialuithe atá i bhfeidhm.

Cuireann An Post córas iarratais cheadúnais ar líne ar fáil trí Licences.ie thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine. Cuireadh go mór lena éifeachtaí atá an próiseas athnuachana ceadúnais a bhuí leis an gcóras ar líne sin agus tá sé beartaithe tuilleadh forbairtí a dhéanamh air. Sa bhliain 2017, iarradh agus fuarthas doiciméad dearbhaithe ó An Post maidir le slándáil agus rialuithe an chórais atá i bhfeidhm. Tá an tÚdarás ag obair ar Chomhaontú Seirbhíse a fhorbairt le An Post i dtaca le Licences.ie faoi láthair chomh maith.

## AN CISTE CÚITIMH UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE

## RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH

***Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais***

Baineann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine leas as seirbhísí comhroinnte airgeadais ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Fuarthas litir dearbhaithe ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le rialuithe sa soláthar seirbhísí comhroinnte.

Baineann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine leas as seirbhísí comhroinnte ón Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla faoin Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe freisin. Tá an tseirbhís sin cumhdaithe faoi Chomhaontú Seirbhíse atá ar bun idir an tIonad agus an Roinn.

**Soláthar**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le soláthar agus gur chomhlíon an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine na nósanna imeachta sin sa bhliain 2017.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Údarás Rialála Seirbhísí Maoine atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, déanann siad eolas d’fhaireachán agus athbhreithniú an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Deimhním gur thug an tÚdarás faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2017. Is deimhin leis an Údarás, a mhéid is féidir, gur córais éifeachtacha iad na córais rialaithe inmheánaigh airgeadais a bunaíodh agus a cuireadh chun feidhme san Údarás Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2017.

**Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh**

***Nochtadh Sonraí faoi Chásanna ina raibh Sáruithe Rialaithe ann.***

Níor sainaithníodh i rialuithe inmheánacha i dtaca leis an mbliain 2017 aon laigí is gá a nochtadh sna ráitis airgeadais.

***Nochtadh Sonraí faoi Chaillteanais Ábhartha nó faoi Chalaois***

Níl aon ábhair chalaoise le tuairisciú don bhliain 2017.

Maeve Hogan

Maeve Hogan Uasal, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Dáta: 20/12/18

G. Clarke

Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach: Dáta: 20/12/2018

# AN CISTE CÚITIMH UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE

# DEIMHNIÚ AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

## Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chiste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha sceideal 6(8) den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta díobh seo:

- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas faoin staid airgeadais
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Chiste amhail an 31 Nollaig 2017 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain 2017 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

### Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine agus chomhlíon mé na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bonn a thabhairt do mo thuairim.

### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais agus ar ábhair eile

Chuir an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine faisnéis áirithe eile i láthair i dteannta ráitis airgeadais an Chiste. Cuimsíonn an fhaisnéis sin an ráiteas faoi fhreagrachtaí chomhaltaí an Údaráis agus an ráiteas faoi rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt ar fhaisnéis den sórt sin agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.



**Maureen Mulligan**
**Le haghaidh agus thar ceann**
**an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**21 Nollaig 2018**

## Aguisín leis an tuarascáil

## Freagrachtaí an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Leagtar freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis amach sa ráiteas faoi fhreagrachtaí. Tá comhaltaí an Údaráis freagrach as

na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi sceideal 6(7) den Acht

a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais de réir FRS 102

rialtacht na n-idirbheart a chinntiú

a mheas cé acu is cuí nó nach cuí bunús gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid, agus

an rialú inmheánach sin a mheasann siad a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi sceideal 6(8) den Acht ráitis airgeadais an Chiste a iniúchadh agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais de bharr calaoise nó earráide; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

Gnóthaím tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá cuí sna cúinsí, seachas chun tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.

Déanaim meastóireacht ar a chuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnaí atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar.

Déanaim cinneadh ar a chuí atá sé bunús gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, déanaim cinneadh ar cé acu is ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le heachtraí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar an gcumas atá ag an gCiste leanúint de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Má chinnim gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, i gcás nach leor an nochtadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a athrú. Tá mo chinntí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh eachtraí nó dálaí amach anseo a chur faoi deara go scoirfeadh an Ciste de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.

Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na hidirbhearta agus na heachtraí bunúsacha i láthair ar bhealach cóir sna ráitis airgeadais.

Téim i dteagmháil leo sin a bhfuil freagrachtaí rialachais orthu as raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus as fionnachtana suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha ar an rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair sna ráitis airgeadais sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó go bhfuil an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím i gcás go bhfuil ábhair ábhartha ann a bhaineann leis an dóigh ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím i gcás go bhfuil aon chásanna ábhartha ann nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe iontu nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú iontu.

Tuairiscím trí eisceacht freisin sa chás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó

nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó

nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

**AN CISTE CÚITIMH UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE**

**RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ COINNITHE IONCAIM DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017**

| | Nótaí | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Ioncam** | | | |
| Ranníocaíochtaí leis an gCiste | **2** | 573,950 | 579,600 |
| Ús ar Thaiscí a fuarthas | | 4,109 | 4,985 |
| Ioncam Eile | | 5,000 | - |
| **Ioncam Iomlán** | | **583,059** | **584,585** |
| **Caiteachas** | | | |
| Táillí Bainc agus Cáin Choinneála ar Ús Cuntas Taisce | | 2,013 | 1,796 |
| Árachas | | 35,743 | - |
| Dámhachtainí cúitimh | **3** | 198,337 | - |
| **Caiteachas Iomlán** | | **236,093** | **1,796** |
| Barrachas don bhliain | | 346,966 | 582,789 |
| Iarmhéid a tugadh ar aghaidh ag an 1 Eanáir 2017 | | 2,792,288 | 2,209,499 |
| **Iarmhéid a tugadh ar aghaidh ag an 31 Nollaig 2017** | | **3,139,254** | **2,792,288** |

**Áirítear leis an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim na gnóthachain agus na caillteanais uile a aithníodh sa bhliain. Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 7 mar chuid dhílis de na ráitis airgeadais seo.**

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Maeve Hogan Uasal, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Dáta: 20/12/18

Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach: Dáta: 20/12/2018

## AN CISTE CÚITIMH UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE

## RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS
## AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2017

| | Nótaí | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Airgead agus coibhéisí airgid | | 3,104,987 | 2,792,288 |
| Suimeanna infhaighte agus réamhíocaíochtaí | **4** | 60,507 | - |
| | | **3,165,494** | **2,792,288** |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Suimeanna iníoctha agus fabhruithe | **5** | 26,240 | - |
| | | **26,240** | - |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **3,139,254** | **2,792,288** |
| **Iomlán na nGlansócmhainní** | | **3,139,254** | **2,792,288** |
| **Ionadaithe ag** | | | |
| Cúlchistí coinnithe ioncaim | | 3,139,254 | 2,792,288 |
| | | **3,139,254** | **2,792,288** |

**Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 7 mar chuid dhílis de na ráitis airgeadais seo.**

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Maeve Hogan

______________________________
Maeve Hogan Uasal, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Dáta: 20/12/18

M Clarke

______________________________
Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach: Dáta: 20/12/2018

## AN CISTE CÚITIMH UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE

## RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID
## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

| **Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas ioncaim thar chaiteachas | 346,966 | 582,789 |
| (Méadú)/ Laghdú ar shuimeanna infhaighte | (60,507) | - |
| Méadú/ (Laghdú) ar shuimeanna iníoctha | 26,240 | - |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **312,699** | **582,789** |
| **Méadú ar airgead agus ar choibhéisí airgid** | **312,699** | **582,789** |
| Airgead agus coibhéisí airgid ag an 1 Eanáir 2017 | 2,792,288 | 2,209,499 |
| Airgead agus coibhéisí airgid ag an 31 Nollaig 2017 | **3,104,987** | **2,792,288** |

**Tá nótaí 1 go 7 mar chuid dhílis de na ráitis airgeadais seo.**

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Maeve Hogan Uasal, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Dáta: 20/12/18

Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach: Dáta: 20/12/2018

## AN CISTE CÚITIMH UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

### 1. Beartais Chuntasaíochta

**(a)** Tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta arna nglacadh ag an gCiste Cúitimh Seirbhísí Maoine leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir ar fud na bliana agus don bhliain roimhe.

**(b) Faisnéis Ghinearálta**

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, agus tá a cheannoifig lonnaithe ag Foirgnimh na Mainistreach, Bóthar na Mainistreach, an Uaimh, Co. na Mí, C15 K7PY.

Is mar a leanas atá príomhchuspóirí an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine mar a leagtar amach in alt 11 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011:

- Ceadúnais a eisiúint agus a athnuachan;
- An Clár a bhunú agus a chothabháil;
- Ceanglais cháilíochta agus ceanglais eile a shonrú agus a fhorfheidhmiú;
- Caighdeáin a shonrú agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear caighdeáin theicniúla agus caighdeáin chuí eiticiúla;
- An Ciste a bhunú, a chothabháil agus a riaradh;
- Córas um cheadúnaithe a imscrúdú a bhunú agus a riar;
- Mion-smachtbhannaí nó mór-smachtbhannaí a fhorchur ar cheadúnaithe;
- Iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte chun forchur mór-smachtbhannaí ar cheadúnaithe a dhaingniú;
- Feasacht an phobail a chur chun cinn agus faisnéis a scaipeadh ar an bpobal i ndáil le seirbhísí maoine;
- Spreagadh chun Cóid Chleachtais a fhorbairt agus a ghlacadh;
- An tAire a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí i leith seirbhísí maoine a sholáthar ag ceadúnaithe agus cuidiú leis an Aire chun beartas a chomhordú agus a fhorbairt ina leith sin;
- Sonraí maidir le praghsanna díolta maoine cónaithe a chothabháil agus a fhoilsiú;
- An Bunachar Sonraí Léasanna Tráchtála a bhunú agus a chothabháil; agus
- Aon fheidhmeanna eile a thugtar dó le haon fhoráil eile den Acht nó aon achtachán eile nó le rialacháin arna ndéanamh faoin Acht nó aon achtachán eile a chomhlíonadh.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine. Ceanglaítear ar an Údarás le halt 77(1) den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, ciste ar a dtabharfar an Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine a bhunú, a riar agus a choimeád. Leagtar amach i Sceideal 6 leis an Acht na forálacha maidir le cad a íocfar isteach sa Chiste agus cad a íocfar amach as.

**AN CISTE CÚITIMH UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE**

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017**

**(c) Ráiteas faoi Chomhlíonadh agus bunús an ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhruithe na cuntasaíochta, ach amháin nuair atá sonraithe thíos, agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus san fhoirm arna ceadú ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**(d) Aithint Ioncaim**

Déantar ranníocaíochtaí leis an gCiste a thuairisciú ar bhonn airgid a fhaightear.

**(e) Barrachas ar an gCiste**

Ceanglaítear ar an gCiste, de réir alt 77(3) den Acht, iarmhéid nach lú ná €2 mhilliún a bheith ann ar nó roimh an gceathrú bliain i ndiaidh dháta a bhunaithe.

**(f) Dámhachtainí**

Aithnítear dámhachtainí mar chaiteachas nuair is deimhin leis an Údarás go mbaineann caillteanas do chliant ceadúnaí i ngeall ar mhí-ionracas ar thaobh an cheadúnaí sin de, nó ar thaobh duine ar bith atá ag gníomhú thar a c(h)eann, ag eascairt as soláthar seirbhísí maoine.

**2. Ioncam an Chiste Cúitimh**

| | **2017** | **2016** |
|---|---:|---:|
| | **€** | **€** |
| Ranníocaíochtaí leis an gCiste | 573,950 | 579,600 |
| Ús ar thaiscí a fuarthas | 4,109 | 4,985 |
| Ioncam Eile | 5,000 | - |
| | **583,059** | **584,585** |

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a tugadh dó le halt 95 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, le toiliú an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, rinne an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine rialacháin a tháinig i bhfeidhm an 30 Bealtaine 2012. Sna Rialacháin fán Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) (Ciste Cúitimh), 2011, 2012, leagtar amach an ranníocaíocht leis an gCiste atá le déanamh ag duine atá ag déanamh iarratas ar cheadúnas nó ar athnuachan ceadúnais: fostóir seirbhísí maoine - €200, conraitheoir neamhspleách - €200, agus príomhoifigeach nó fostaí - €50.

**AN CISTE CÚITIMH UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE**

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017**

### 3. Dámhachtainí cúitimh

Rinneadh dámhachtainí arbh ionann iad agus €172,097 as an gCiste don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 agus bhí ceangaltais amuigh cothrom le €26,240 ann ag deireadh na bliana maidir le deontais a dhámhachtain.

### 4. Suimeanna infhaighte agus réamhíocaíochtaí

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Réamhíocaíochtaí | 60,507 | - |

### 5. Suimeanna iníoctha agus fabhruithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fabhruithe | 26,240 | - |

### 6. Dámhachtainí - Teagmhas

Rinneadh líomhain chuig an Údarás maidir le heachtra shuntasach inar baineadh mí-úsáid as cistí cliaint. Tá an t-ábhar sin á imscrúdú faoi láthair agus d'fhéadfadh go ndéanfaí éileamh nó éilimh in aghaidh an Chiste dá bharr.

### 7. Ceadú na ráiteas airgeadais

Cheadaigh Bord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine na ráitis airgeadais seo an 20/12/18.

Chairperson.